# RIALACHÁN (CE) Uimh. 301/2008 ÓN gCOMHAIRLE

**an 17 Márta 2008**

**lena n-oiriúnaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 maidir le rialuithe oifigiúla a fheidhmítear chun a áirithiú go bhfíorófar go bhfuiltear ag comhlíonadh dlí beatha agus bia agus rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais 2003, agus go háirithe, Airteagal 57(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] bunaíodh creat comhchuibhithe rialacha ginearálta eagrúcháin do rialuithe oifigiúla a fheidhmítear chun a áirithiú go bhfíorófar comhlíonadh dlí beatha agus bia agus comhlíonadh rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe.

(2) Is gá, de bharr aontachas na mBallstát nua in 2004, liosta na gcríoch in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 a chomhlánú le go mbeifear in ann na Ballstáit uile a áireamh sa liosta sin.

(3) Ba cheart dá bhrí sin Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh 882/2004.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2004 i leith chríocha Phoblacht na Seice, na hEastóine, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, na hUngáire, Mhálta, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2008.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
I. JARC

---

(1) IO L 165, 30.4.2004, lch. 1, leagan ceartaithe in IO L 191, 28.5.2004, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 180/2008 ón gCoimisiún (IO L 56, 29.2.2008, lch. 4)

*IARSCRÍBHINN*

*'IARSCRÍBHINN I*

**CRÍOCHA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2(15)**

1. Críoch Ríocht na Beilge
2. Críoch Phoblacht na Bulgáire
3. Críoch Phoblacht na Seice
4. Críoch Ríocht na Danmhairge seachas na hOileáin Fharó agus an Ghraonlainn
5. Críoch Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine
6. Críoch Phoblacht na hEastóine
7. Críoch na hÉireann
8. Críoch na Poblachta Heilléanaí
9. Críoch Ríocht na Spáinne seachas Ceuta agus Melilla
10. Críoch Phoblacht na Fraince
11. Críoch Phoblacht na hIodáile
12. Críoch Phoblacht na Cipire
13. Críoch Phoblacht na Laitvia
14. Críoch Phoblacht na Liotuáine
15. Críoch Ard-Diúcacht Lucsamburg
16. Críoch Phoblacht na hUngáire
17. Críoch Phoblacht Mhálta
18. Críoch Ríocht na hÍsiltíre san Eoraip
19. Críoch Phoblacht na hOstaire
20. Críoch Phoblacht na Polainne
21. Críoch Phoblacht na Portaingéile
22. Críoch na Rómáine
23. Críoch Phoblacht na Slóivéine
24. Críoch Phoblacht na Slóvaice
25. Críoch Phoblacht na Fionlainne
26. Críoch Ríocht na Sualainne
27. Críoch Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann'